# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

## 25581305 Ceapacháin mar Ghnáthbhaill ar Bhord TG4

Gaillimh

An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

**Dáta Dúnta:** 15:00 Déardaoin an 18ú lá de Nollaig 2025

**Aonad na mBord Stáit**

**poistphoiblí**

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ("an tSCP"), a bunaíodh faoi reacht sa bhliain 2004, seirbhís neamhspleách chomhroinnte earcaíochta, mheasúnaithe, agus roghnaithe ar fáil d'eagraíochtaí sa Státseirbhíse agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bunaíodh faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

Tá poistphoiblí freagrach chomh maith as córas oscailte, inrochtana, dian, agus trédhearcach a chur ar bun chun cuidiú le hAirí ceapacháin a dhéanamh ar Bhoird Stáit. Is é ár suíomh gréasáin, www.publicjobs.ie, an bealach trína bhfógraíonn poistphoiblí folúntais ar Bhoird Stáit. Is é sin chomh maith an bealach trínar féidir le daoine cumasacha, a bhfuil taithí agus cáilíochtaí cuí acu, lena n-áirítear daoine nach mbeadh aitheanta roimhe seo, b'fhéidir, mar dhaoine a bheadh ar fáil do cheapacháin, iarratas a dhéanamh ar fholúntais ar leith.

**Teagmháil le: hAonad na mBord Stáit**

poistphoiblí

**Ríomhphost: stateboards@publicjobs.ie**

**URL:** https://www.publicjobs.ie/ga/

**Ballraíocht de Bhoird Stáit**

Ní mór ardchaighdeán i réimse an rialachais chorparáidigh a bheith i bhfeidhm i ngach Gníomhaireacht Stáit, san earnáil tráchtála nó neamhthráchtála, lena chinntiú go gcuirtear go dearfach le forbairt iomlán shóisialta agus eacnamaíochta an Stáit.

Ceaptar Baill de Bhoird Stáit le gníomhú ar son an tsaoránaigh chun maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil ghnóthaí na mbord stáit. Ní mór do chomhlachtaí stáit freastal ar leas an íocóra cánach, luach ar airgead a bhaint amach ina gcuid oibre (lena n-áirítear riosca a bhainistiú i gceart), agus feidhmiú go trédhearcach mar chomhlachtaí poiblí. Tá Baill de Bhoird Stáit, agus na foirne bainistíochta cuí, freagrach as an eagraíocht a bhainistiú i gceart.

Ní mór do bhaill de bhoird gníomhú agus an t-eolas ar fad acu, go hionraic, le díograis agus go cúramach, agus ar son leas an chomhlachta Stáit, de réir na spriocanna atá leagtha amach ag an Rialtas. Chuige sin agus de réir mar a leagtar amach i gcuid 13.2 de na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, “moltar nár chóir do bhall ar bith de Bhord Stáit níos mó ná dhá théarma ceapacháin a dhéanamh ar Bhord Stáit nó nár chóir dóibh a bheith ceaptha ar níos mó ná dhá Bhord Stáit.”

Sa Chód Cleachtais um Rialú na mBord Stáit 2016 (“an Cód”), leagtar amach creat chun dea-chleachtas i réimse an rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm i gcomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála Stáit.

Chun cur go héifeachtach le Bord Stáit, moltar na nithe seo do bhaill:

- maoirseacht a dhéanamh ar an eagraíocht trí scrúdú neamhspleách agus neamhchlaonta a dhéanamh;
- a bheith dian nuair is gá agus, ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt maidir le straitéis agus spriocanna eagraíochta a bhaint amach;
- a bheith in ann comhairle mhaith a thabhairt atá bunaithe ar bhreithiúnas stuama agus ar thaithí;
- a bheith toilteanach am a chaitheamh ar an obair de réir a róil.

poistphoiblí
publicjobs

**Ceapacháin mar Ghnáthbhaill ar Bhord TG4**

| | |
|---|---|
| **Ionad:** | Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe |
| **Líon na bhFolúntas:** | 3 Gnáthbhall |
| **Luach Saothair:** | €12,600 sa bhliain<br>(Tabhair faoi deara, i gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin', nach bhfuil aon seirbhíseach poiblí i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm táillí boird, ach amháin i gcásanna atá ceadaithe faoi reacht, mar shampla ceapachán mar Oibrí is Stiúrthóir). Taisteal agus Cothú le híoc de réir rátaí na Státseirbhíse. |
| **Riachtanais Ama:** | 8 – 10 gcruinniú leathlae sa bhliain do chruinnithe Boird. Is féidir go mbeidh cruinnithe Boird eile i gceist, de réir mar is gá.<br>Is cosúil go mbeidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo a bheith ar fho-choiste.<br>Tagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad. Tagann an Coiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad. Tagann Coistí Boird aonair le chéile 2 uair sa bhliain ar a laghad.<br><br>Teastaíonn thart ar 20-25 lá iomlán in aghaidh na bliana le hullmhúchán a dhéanamh agus le freastal ar phríomhchruinnithe an Bhoird agus ar choistí an Bhoird. Táthar ag súil leis go mbeidh baill an Bhoird ar cheann amháin nó níos mó de Choistí an Bhoird. Tá 5 choiste chomh maith le Comhairle Lucht Féachana ann. Is féidir go mairfidh cruinnithe Choiste an Bhoird suas le dhá uair an chloig agus in amanna bíonn siad níos faide ná sin. Beidh am breise ag teastáil le tabhairt faoi léitheoireacht ullmhúcháin. |

Tarraingítear aird iarrthóirí ar fhoráil an Chóid i dtaca le ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá ar fáil anseo.

## 1. Cúlra

Is mian leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ("an tSCP"), i gcomhar le NewERA (aonad gnó de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN"))[1], iarrthóirí oiriúnacha a aimsiú le cur faoi bhráid an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ("an tAire") chun gur féidir leo iad a mheas do cheapacháin a dhéanfaidh an Rialtas ar Bhord TG4 ("an Bord"). Tá léirithe spéise á lorg anois ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí mar chuid den phróiseas seo.
Is corparáid reachtúil é TG4. Leagtar amach príomhchuspóirí agus cumhachtaí gaolmhara TG4 in Alt 118 den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú) ("**an tAcht**"), atá ar fáil anseo.

Is corparáid reachtúil é TG4 faoi choimirce na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (**"an Roinn"**).

Is é TG4 eagraíocht náisiúnta na meán seirbhíse poiblí Gaeilge in Éirinn, a chuireann seirbhísí ar fáil ar ardáin teilifíse, ar líne, agus ar ghairis mhóibíleacha.

An Státchiste, faoin Acht Craolacháin 2009, a mhaoiníonn TG4. Tagann 90% d'ioncam TG4 go díreach ón Státchiste. Tagann 10% ó ioncam tráchtála (.i. ioncam fógraíochta agus gníomhaíochtaí tráchtála eile).

Tá áit ar leith ag TG4 i dtírdhreach na meán in Éirinn agus é ina sholáthraí meán seirbhíse poiblí Gaeilge.

Agus é ina fhoilsitheoir/chraoltóir, infheistíonn TG4 os cionn 70% dá mhaoiniú in earnáil léiriúcháin neamhspleách na hÉireann. Trína infheistíocht i bhfiontair chruthaitheacha na hÉireann, tacaíonn TG4 le forbairt tionscail, tallann léiriúcháin, poist réigiúnacha agus ioncam, agus cabhraíonn sé le geilleagar cruthaitheach na hÉireann a chothú agus a fhorbairt.

Cabhraíonn TG4 le céimíocht, le húsáid, agus le hinfheictheacht na Gaeilge a mhéadú sna meáin agus i sochaí na hÉireann. Tacaíonn sé le seachadadh na Gaeilge sa teaghlach agus le sealbhú sna luathbhlianta, chomh maith le hoideachas Gaeilge.

In 2024, bhreathnaigh 3.73m duine nó os cionn 80% den daonra ar chláir de chuid TG4 ag pointe éigin i rith na bliana. Mhéadaigh sciar an lucht féachana teilifíse náisiúnta go 2.2%, an sciar is airde lucht féachana ó 2009, agus tháinig fás 23% ar lucht féachana Sheinnteoir TG4 in 2024, idir theilifís bheo agus fhíseáin ar éileamh.

## 2. Ballraíocht agus Feidhmeanna an Bhoird

Is é ról Bhord TG4 treo agus straitéis chorparáideach TG4 a stiúradh, ceannaireacht a léiriú, maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht, rialachas corparáideach éifeachtach a chur ar fáil,

---

[1] Is é ról NewERA comhairle tráchtála agus airgeadais neamhspleách a chur ar fáil do na hAirí ábhartha i ndáil le feidhmeanna sonracha a chomhlíonadh, lena n-áirítear, faoi Alt 19 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, "*cathaoirleach, comhaltaí, stiúrthóirí nó príomhfheidhmeannach an chomhlachta ainmnithe a cheapadh*", agus TG4 ar cheann de na comhlachtaí ainmnithe. Tá tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí NewERA leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 agus i dtuarascálacha bliantúla GBCN (www.ntma.ie).

agus ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna lucht féachana agus éisteoirí, lena chinntiú go gcomhlíonann TG4 a chuid freagrachtaí reachtúla ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Luaitear in Alt 87 den Acht go gcomhlíonfaidh baill an Bhoird a bhfeidhmeanna ar bhealach ar leith chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go ndéanfar ionadaíocht ar leasanna an lucht féachana agus na n-éisteoirí;
- go ndéanfar gníomhaíochtaí TG4, de bhun a chuspóirí mar atá leagtha amach in Alt 118 den Acht (mar a luadh thuas), a chur i gcrích go héifeachtúil agus go héifeachtach;
- go gcinntítear go bhfuil bailiú agus cur i láthair nuachta agus cúrsaí reatha cruinn agus neamhchlaonta ag TG4, agus
- go gcosnaítear neamhspleáchas TG4, maidir le ceapadh, ábhar agus léiriú clár, eagarthóireacht agus cur i láthair clár nuachta agus cúrsaí reatha agus sceidil na gclár a shainiú idir thionchar Stáit, thionchar polaitiúil agus thionchar tráchtála.

Tá roinnt coistí ag Bord TG4 chomh maith le Comhairle Lucht Féachana.

Is iad seo a leanas na coistí reatha:

- Iniúchóireacht agus Riosca
- Nuacht agus Cúrsaí Reatha
- Branda
- Luach Saothair
- Cúrsaí Digiteacha

Faoi Alt 81 den Acht, beidh 12 bhall ar Bhord TG4, agus astu sin:

- Déanfaidh an Rialtas 6 ball a cheapadh ar ainmniú an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ("**an tAire**"),
- Déanfaidh an Rialtas 4 ball a cheapadh ar ainmniú an Aire, agus tar éis don Aire comhairle a fháil ón gComhchoiste Oireachtais cuí (JOC),
- Déanfaidh an Rialtas ball amháin díobh a cheapadh; agus
- Beidh Ard-Stiúrthóir TG4 (AS) ar dhuine díobh. Is é Bord TG4 a cheapann an tArd-Stiúrthóir le toiliú an Rialtais.

Déanfaidh an Rialtas ó am go ham, de réir mar is gá, ball de Bhord TG4 a cheapadh, ar ainmniú an Aire, chun a bheith ina gcathaoirleach, de réir mar a leagtar amach in Alt 85 den Acht.

De réir mar a leagtar amach in Alt 81(3) den Acht, is fir iad cúigear, ar a laghad, de bhaill an Bhoird agus is mná iad cúigear, ar a laghad, díobh.

**Comhdhéanamh reatha an Bhoird:**

| Ainm | Ceaptha den chéad uair | Athcheaptha | Dáta Éaga | Cineál Poist | Bunús an Cheapacháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Anna Ní Ghallachair | 29/11/2022 | | 28/11/2026 | Cathaoirleach | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Deirdre Ní Choistín | 14/04/2025 | | 13/04/2032 | Ardstiúrthóir | Ex-Officio |
| Róisín Ní Ráighne | 29/11/2022 | | 28/11/2026 | Ball Boird | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Aedín O'Leary | 29/11/2022 | | 28/11/2026 | Ball Boird | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Siobhán Ní Ghadhra | 21/11/2017 | 29/11/2022 | 28/11/2025 | Ball Boird | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Mairéad Ní Nuadháin | 21/11/2017 | 29/11/2022 | 28/11/2025 | Ball Boird | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Darach Ó Turairisg | 21/11/2017 | 29/11/2022 | 28/11/2025 | Ball Boird | Próiséas poistphoiblí (ainmní de chuid an Rialtais) |
| Bernadette Bhreathnach | 10/06/2025 | | 09/06/2030 | Ball Boird | Ionadaí Foirne |
| Muireann Ní Chíobháin | 20/03/2024 | | 19/03/2029 | Comhalta Boird | Comhchoiste Oireachtais |
| Éamonn Ó hArgáin | 20/03/2024 | | 19/03/2029 | Comhalta Boird | Comhchoiste Oireachtais |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seán Ó Cuirreáin | 29/11/2022 | | 28/11/2026 | Comhalta Boird | Comhchoiste Oireachtais |
| Sonia Nic Giolla Easbuig | 07/02/2023 | | 28/11/2026 | Comhalta Boird | Comhchoiste Oireachtais |

## 3. Sonraí faoin bPearsa

Cuireann an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil taithí agus cáilíochtaí oiriúnacha acu trí fholúntas mar Ghnáthbhaill a líonadh ar Bhord TG4.

Tarraingítear aird iarrthóirí ar fhorálacha an Chóid i dtaca le ról an bhaill Bhoird, áit a luaitear an méid seo a leanas sa phrionsabal:-

- Ba chóir go mbeadh Bord éifeachtach, atá freagrach as inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chomhlachta, i gceannas ar chomhlacht Stáit.

- Ba chóir do bhaill Bhoird neamhfheidhmiúcháin a bheith neamhspleách maidir le breithiúnas a thabhairt ar cheisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, maidir le ceapacháin thábhachtacha agus caighdeán iompair.

Tá sonraí maidir le ról na mBall Boird ar fáil i gCuid 3 den Chód atá le fáil anseo.

**Riachtanach**

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tá líofacht sa Ghaeilge scríofa agus labhartha riachtanach mar gur trí Ghaeilge a bhíonn na cáipéisí agus cruinnithe an Bhoird.

Ní mór d’iarrthóirí fianaise maidir le taithí agus maidir le heolas ábhartha, ag leibhéal sinsearach cuí, a léiriú ina n-iarratas i gceann amháin nó níos mó de na trí phróifíl a leagtar amach thíos:

**Bainistíocht Airgeadais agus Cuntasaíocht**

Ní mór d’iarrthóirí fianaise maidir le stair ghairme i bpost/i bpoist cheannaireachta, ag leibhéal sinsearach cuí (.i. leibhéal feidhmiúcháin/comhairleoir sinsearach), a léiriú ina n-iarratas i gceann amháin, ar a laghad, de na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht Airgeadais (le cáilíocht airgeadais/chuntasaíochta), agus go hinmhianaithe taithí ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Iniúchóireacht, rialú airgeadais, cuntasaíocht, agus tuairisciú seachtrach.

Ní mór d’iarrthóirí a bheith an-ghrinn i gcúrsaí gnó agus a bheith in ann ciall a bhaint as sonraí airgeadais agus iad a chur in iúl.

poistphoiblí
publicjobs

**Forbairt na hEarnála Cruthaithí**

Ní mór d'iarrthóirí fianaise maidir le stair ghairme i bpoist shinsearacha san earnáil chruthaitheach a léiriú ina n-iarratas agus tuiscint a bheith acu ar na príomhdhúshláin agus ar na deiseanna sna tionscail chruthaitheacha.

Ní mór d'iarrthóirí taithí a bheith acu i gceann amháin, ar a laghad, de na réimsí seo a leanas:

- An earnáil léiriúcháin neamhspleách, lena n-áirítear ceannaireacht i róil shinsearacha léiriúcháin ábhair;
- Ceannaireacht chruthaitheach agus fiontraíochta i dtionscnaimh sna meáin;
- Taithí ar ghnó na meán sna margaí áitiúla agus idirnáisiúnta;
- Ceannaireacht i réimsí na forbartha earnála agus na hoiliúna;

**Taithí ar Nuacht agus ar Chúrsaí Reatha**

Ní mór d'iarrthóirí fianaise maidir le stair ghairme i bpost/i bpoist shinsearacha Nuachta agus Cúrsaí Reatha a léiriú ina n-iarratas agus taithí a bheith acu san iriseoireacht agus sa nuacht.

Ní mór d'iarrthóirí taithí/saineolas a bheith acu i gceann amháin, ar a laghad, de na réimsí seo a leanas:

- Taithí shinsearach eagarthóireachta nó chraolacháin sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha;
- Tuiscint straitéiseach ar iriseoireacht agus ar oibríochtaí seomra nuachta;
- Gnóthaí rialála agus comhlíonadh sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha a chur in iúl trí mhodhanna meán éagsúla (m.sh. nuacht dhigiteach).

**Inmhianaithe (Gach próifíl)**

Bheadh sé inmhianaithe chomh maith dá léireodh iarrthóirí fianaise maidir le taithí sna réimsí seo a leanas:

- Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú (EDI), m.sh. tacú le níos mó éagsúlachta agus ionchuimsithe i seirbhísí poiblí, nó cláir agus/nó tionscadail a sheachadadh ina bhfuil rannpháirtíocht níos leithne, mar shampla, grúpaí ilchultúir, mionlaigh agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste.

- Taithí ar an teicneolaíocht, an nuálaíocht, agus na meáin dhigiteacha nó ar athchóiriú digiteach.

- Saineolas Pleanála Teanga, ina áirítear Stádas na Gaeilge agus na Gaeltachta a

chur chun cinn go forleathan i sochaí na hÉireann agus tacú le seachadadh teanga ó ghlúin go glúin.

- Taithí agus tuiscint ar Rannpháirtíocht agus ar Fhás an Lucht Féachana. Bheadh fáilte roimh shaineolas i bpríomhréimsí ábhair sceideal TG4: Lucht Féachana Óg; Spórt; Ceol agus na hEalaíona; Nuacht agus Cúrsaí Reatha; agus Oideachas. Taithí ghairmiúil ar an margaíocht agus ar an lucht féachana a mhéadú ar na hardáin éagsúla, in Éirinn agus thar lear.

Cuireann an tAire fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí cáilithe ó chúlraí éagsúla chun a chinntiú gur fíorléiriú é an Bord ar shochaí na hÉireann agus tabharfaidh siad aird ar inmhianaitheacht na cothromaíochta inscne, na héagsúlachta, agus an ionchuimsithe ar an mBord de réir mar is cuí, dar leis an Aire, agus ceapacháin á ndéanamh ó am go ham, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais nuashonraithe maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Chun go mbeadh duine incháilithe do cheapachán, tá sé riachtanach nach mbeadh aon bhac dlí ná coimhlintí leasa acu a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas glacadh le ról mar ball den bhord. Tabhair aird chúramach ar an bhféidearthacht maidir le coimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus tabhair aghaidh air sin i do litir chumhdaigh. D'fhéadfadh an Painéal Measúnaithe cinneadh a dhéanamh gan d'ainm a chur ar aghaidh bunaithe ar an leibhéal coimhlinte a mheastar.

## 4. Téarma Ceapacháin

- Féadfaidh an Rialtas ballraíocht aon bhaill den Bhord a fhoirceannadh de réir mar a leagtar amach in Alt 84 den Acht Craolacháin 2009.

- Féadfaidh ball Boird éirí as de réir mar a leagtar amach in Alt 82 den Acht Craolacháin 2009.

- Faoi réir na bhforálacha in Alt 84(3) den Acht, beidh baill an Bhoird in oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

- Déantar cur síos ar róil agus ar fhreagrachtaí na mball boird sa Chód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, atá ar fáil anseo: Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú.

- De réir mar a leagtar amach in Alt 86 den Acht -

    - Má ainmnítear ball den bhord mar iarrthóir do thoghadh i bParlaimint na hEorpa, i gceachtar de Thithe an Oireachtas, nó mar bhall de Sheanad Éireann,
      Má thoghtar ball mar bhall de cheachtar de Thithe an Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó má mheastar, de réir mar a leagtar amach i gCuid

XIII den Dara Sceideal den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, gur toghadh iad sa Pharlaimint sin chun folúntas a líonadh, ní bheidh siad ina mball de Bhord TG4 a thuilleadh.

- Ní bheidh cead ag duine a cheaptar mar bhall den Choimisiún (Coimisiún na Meán) a bheith mar bhall de bhord de chuid corparáide nó mar ardstiúrthóir nó mar bhall foirne i gcorparáid.

- Ní bheidh cead ag duine atá fostaithe, ach amháin má tá obair oideachais nó obair chruthaitheach taibhiúcháin i gceist, nó a bhfuil suim acu conradh a bheith acu faoin Acht seo a bheith mar bhall de bhord de chuid corparáide.

- Ní bheidh cead ag duine atá fostaithe in RTÉ a bheith mar bhall de bhord TG4.

- Ní bheidh cead ag duine atá fostaithe in TG4 a bheith mar bhall de bhord RTÉ.

- Ní bheidh cead ag duine atá mar bhall de bhord RTÉ a bheith mar bhall de bhord TG4.

- Ní bheidh cead ag duine atá mar bhall de bhord TG4 a bheith mar bhall de bhord RTÉ.

**Tabhair faoi deara:** Meastar gur "Daoine atá faoi Riteacht Pholaitiúil" ("PEPanna") baill de Bhord TG4, a neasghaolta agus a ndlúthchomhghleacaithe, faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 (arna leasú). Cuireann an reachtaíocht sin ceanglas ar "dhaoine ainmnithe" (m.sh. institiúidí creidmheasa) "Dícheall Cuí Feabhsaithe do Chustaiméirí" a dhéanamh ar na cliaint sin a aicmítear mar PEP. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo.

## 5. Iarratas a Chur Isteach

I ndiaidh duit na critéir oiriúnachta ghinearálta do bhallraíocht ar Bhord Stáit a chur san áireamh, ba chóir duit machnamh cúramach a dhéanamh faoi mar a oireann do chúlra agus do thaithí do na critéir cheapacháin shonracha atá leagtha amach sa mhír 'Sonraí faoin bPearsa' sa leabhrán seo.

Ba chóir an t-iarratas a dhéanamh tríd an nasc seo a leanas https://www.publicjobs.ie/ga/boird-stait mar aon le do **Curriculum Vitae** agus **litir chumhdaigh** (féach Aguisín 1 den leabhrán seo chun cuidiú a fháil maidir leis an bpróiseas ar líne).

poistphoiblí publicjobs

**NÓTA TÁBHACHTACH**

Bí cúramach agus do léiriú spéise á chur isteach agat, le do thoil. Toisc go ndéanfaidh an Painéal Measúnaithe moladh/moltaí bunaithe ar na cáipéisí a chuireann tú isteach, tá sé fíorthábhachtach go leanann tú na treoracha seo a leanas:

1. *Cinntigh go luaitear go sonrach i do Litir Chumhdaigh (agus i do CV tacaíochta) an chaoi a gcomhlíonann do chúlra agus do thaithí áirithe riachtanais an phoist/na bpost Údaráis a leagtar amach sa leabhrán seo, agus*

2. *Cinntigh go dtugann tú freagra iomlán ar aon cheisteanna sa bhreis a chuirtear ort mar chuid dár bpróiseas iarratais ar líne.*

Má dhéantar amhlaidh, cuideofar leis an bPainéal Measúnaithe a bheith ar an eolas a mhéid agus is féidir maidir leis an mbunús atá le d'iarrthóireacht agus maidir leis an bhfáth a gcreideann tú go mbeadh tú oiriúnach do cheapachán ar an mBord Stáit seo. **Ná cuir aon eolas san áireamh ach amháin eolas a bhaineann go díreach leis an ról áirithe ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat.**

Má tá aon cheist agat maidir leis an bpróiseas iarratais, seol ríomhphost chuig stateboards@publicjobs.ie.

**6. Próiseas Measúnaithe**

Eagróidh poistphoiblí an Painéal Measúnaithe (an "Painéal") a dhéanfaidh machnamh agus measúnú ar na hiarratais a fhaigheann poistphoiblí. Déanfaidh an Painéal:

- athbhreithniú agus plé ar na léirithe spéise a fhaightear le taobh na gcritéar ceapacháin don ról, de réir mar atá fógartha sa Leabhrán Eolais seo;
- measúnú breise ar iarrthóirí ionchasacha i ndiaidh dóibh na critéir cheapacháin shainithe a bhaint amach trí thabhairt faoi cheann ar bith de na céimeanna seo a leanas nó gach aon cheann díobh:
  - Machnamh a dhéanamh ar iarratais i scríbhinn; agus/nó
  - Glao cruinnithe/comhdhála; agus/nó
  - Seiceálacha moltóra; agus/nó
  - Modh roghnaithe nó fíoraithe eile ar bith a mheastar a bheith oiriúnach (d'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis seo go mbeadh dearbhuithe reachtúla ag teastáil ó poistphoiblí ó iarrthóirí ar an ngearrliosta maidir leis na cáilíochtaí agus an taithí a shonraítear ina n-iarratais).
- gearrliosta a chur le chéile de na hiarrthóirí is cuícháilithe (ag brath ar an eolas a chuireann an t-iarrthóir ar fáil) chun go gcuirfear ar aghaidh é chuig an Aire chun gur féidir leo machnamh a dhéanamh air.

Seolfaidh an tSCP torthaí mheasúnú an Phainéil ar aghaidh chuig NewERA chun gur féidir le NewERA comhairle a thabhairt, de réir mar a leagtar amach in Alt 19 den Acht um GBCN (Leasú), 2014.

Tabhair faoi deara nach mbeidh poistphoiblí freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí mar chuid dár bpróiseas roghnaithe.

**7. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014, is go huile agus go hiomlán faoi rún a chaithfear le hiarratais. Is faoi rún daingean a chaitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gné maidir leis na himeachtaí agus ní nochtar iad le duine ar bith, seachas leo siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

Déantar míreanna faisnéise áirithe, nach mbaineann le haon duine aonair faoi leith, a bhaint as taifid ríomhaire ar chúiseanna staitistiúla ginearálta.

**8. Cosaint Sonraí**

De réir mar a leagtar amach i bhforáil san Acht um Chosaint Sonraí 2018, mbeidh próiseáil na sonraí pearsanta dleathach i gcás ina bhfuil próiseáil dá leithéid riachtanach chun feidhm reachtúil rialaitheora a chomhlíonadh. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, tugtar sainordú reachtúil don tSCP gníomhú mar chomhlacht lárnach measúnaithe agus roghnaithe don státseirbhís agus gach nós imeachta atá riachtanach chun iarrthóirí oiriúnacha a earcú, a mheas, agus a roghnú do cheapachán a chur i gcrích. Trí do shonraí pearsanta a chur isteach (lena n-áirítear d'ainm, do sheoladh, sonraí teagmhála agus sonraí maidir le d'oideachas agus stair oibre i do *curriculum vitae* agus litir chumhdaigh) trí publicjobs.ie, aithníonn tú go bhféadfadh poistphoiblí sonraí dá leithéid a úsáid agus go bhféadfaí iad a nochtadh le ranna cliaint agus go bhféadfadh ranna cliaint iad a úsáid, i ndáil lena róil reachtúla chun cuidiú le hAirí ábhartha agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le ceapacháin ar bhoird de chuid Comhlachtaí Stáit agus le GBCN i ndáil lena róil reachtúla faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) chun cuidiú le hAirí ábhartha agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le ceapacháin ar bhoird ábhartha de chuid Comhlachtaí Stáit (faoi mar atá sainmhínithe san Acht). Is leatsa an fhaisnéis atá ar do phróifíl poistphoiblí le bainistiú a dhéanamh uirthi, í a leasú, a nuashonrú nó a scriosadh, de réir mar is cuí. Chun eolas níos cuimsithí a fháil faoinár bPolasaí maidir le Cosaint Sonraí, féach ar Cód Cleachtais poistphoiblí maidir le Sonraí Pearsanta a Chosaint i

**GBCN / NewERA**

Agus a fheidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh aige, tá sé de chead ag GBCN do shonraí pearsanta a nochtadh le hAirí agus baill foirne Roinne chuí, lena n-áirítear an tOifigeach Teagmhála do Bhoird Stáit. Nuair a fhaigheann sé do sonraí pearsanta, feidhmeoidh GBCN mar rialaitheoir na sonraí sin agus coinneoidh sé iad ar feadh suas le bliain i ndiaidh ceapacháin. Ach amháin má dhéanann tú iarratas maidir le d'iarratas a tharraingt siar, is féidir go mbainfear úsáid as na sonraí sin agus machnamh á dhéanamh ar d'oiriúnacht d'fholúntais/róil cosúil leis seo a thagann chun cinn don Bhord Stáit ar feadh suas le bliain amháin. Má cheaptar thú, is féidir go gcoinneoidh NewERA d'eolas do thréimhse do

cheapacháin. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a ndéanann GBCN sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear do chearta éagsúla faoi dhlí na cosanta sonraí, agus chun sonraí a fháil faoin gcaoi ar féidir dul i dteagmháil le GBCN, féach ar Ráiteas GBCN i dtaca le Cosaint Sonraí, atá ar fáil anseo.

**AGUISÍN 1**

**Iarratas a Chur Isteach:**

Chun iarratas a chur isteach, ba chóir duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

1. Téigh chuig http://www.publicjobs.ie/ga/.
2. Ar an mbarra ar bharr an leathanaigh, téigh chuig 'Boird Stáit', cliceáil ar "Liosta Folúntas".
3. Tabharfar thú chuig leathanach ar a bhfuil ár bhfolúntais uile fógartha. Roghnaigh cibé post ar mhaith leat cur isteach air (tá fáilte romhat cur isteach ar níos mó ná post amháin, más mian leat).
4. Ar an leathanach cuí, cliceáil ar an gcnaipe 'Déan Iarratas Anois' ag barr an leathanaigh ar thaobh na láimhe deise nó ag bun an leathanaigh.
5. Tabharfar thú chuig leathanach ar http://www.publicjobs.ie/ga/ agus, más rud é go bhfuil cuntas poistphoiblí agat cheana féin, iarrfar ort d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a chur isteach. Mura bhfuil cuntas agat cheana, iarrfar ort ceann a chruthú.
6. Nuair a chuireann tú do chuid sonraí isteach, tabharfar thú chuig leathanach ar a bhfuil nod ar a bhfuil scríofa "Cuir iarratas isteach anseo". Cliceáil ar an nasc chuig an bhfoirm iarratais ar líne taobh leis.
7. Feicfidh tú foirm ar do scáileán, agus beidh cuid de na boscaí téacs líonta le heolas ón bpróifíl atá agat ar publicjobs.ie (ainm, seoladh srl.) Beidh ort na réimsí eile a líonadh isteach agus d'ainm agus an dáta a líonadh isteach ag deireadh na foirme.
8. Má tá ceist sa bhreis ann, cinntigh go gcloíonn do fhreagra leis an teorainn focal agus nach bhfuil aon charachtar speisialta ann (i.e. %, & araile) nó seans go bhfaighidh tú teachtaireacht earráide agus nach mbeidh tú in ann d'iarratas a chur isteach.
9. Cliceáil ar "lean ar aghaidh".
10. Ansin sroichfidh tú scáileán ar a gcaithfidh tú do CV agus do Litir Chumhdaigh a uaslódáil. Is cáipéisí riachtanacha iad seo agus ní féidir d'iarratas a phróiseáil gan iad. Nuair atá siad seo roghnaithe agus uaslódáilte agat, cliceáil ar an gcnaipe "Cuir Isteach" ag bun an leathanaigh.
11. Gheobhaidh tú deimhniú i ríomhphost (chuig an seoladh atá i do phróifíl ar publicjobs.ie) lena dhearbhú go bhfuil d'iarratas curtha isteach.

poistphoiblí
publicjobs

poistphoiblí
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.
Eircode: D01 C7W6.
Fón: 01 858 7400

Is féidir leat coinneáil suas chun dáta linn ar **publicjobs.ie** agus trí muid a leanúint ar na hardáin shóisialta: